Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2014**

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

# Ceimic

## Aonad Measúnaithe AS 2

*ag measúnú*

## Modúl 2: Ceimic Orgánach, Fhisiceach agus Neamhorgánach

**[AC122]**

AC122

**DÉ MÁIRT 17 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist **déag**.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist i **Roinn A**. Taifead do chuid freagraí tríd an litir chuí a mharcáil ar an leathán freagraí atá ar fáil. Ná húsáid ach na spásanna atá uimhrithe 1 go 10. Coinnigh an seicheamh agus tú ag freagairt na gceisteanna.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist i **Roinn B**. Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **13(b)(ii)**.
Tá an marc céanna ag dul do na ceisteanna uilig i Roinn A, .i. **dhá** mharc do gach ceist.
Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist i Roinn B.
Tá Tábla Peiriadach na nDúl, a bhfuil roinnt sonraí ann, ar fáil leis an scrúdpháipéar seo.

| **Don Scrúdaitheoir Amháin** | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| Roinn A | |
| 1–10 | |
| Roinn B | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| **Marc Iomlán** | |



StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

## Roinn A

Níl ach freagra **amháin** litrithe, (A–D), ceart ar gach ceist seo a leanas.

**Roghnaigh an freagra ceart i ngach cás agus marcáil a chódlitir trí na poncanna a cheangal mar atá léirithe ar an leathán freagraí.**

**1** Téitear toirteanna cothroma de 1-clórabhútán agus de 1-iadabhútán le níotráit airgid uiscí i láthair eatánóil. Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas is cúis leis an 1-clórabhútán a bheith ag imoibriú ar dhóigh níos moille?

A Tá an nasc C−Cl níos polaí ná an nasc C−I

B Tá an nasc C−Cl níos láidre ná an nasc C−I

C Tá an nasc C−I níos polaí ná an nasc C−Cl

D Tá an nasc C−I níos láidre ná an nasc C−Cl

**2** Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas atá ceart nuair a théitear síos trí Ghrúpa II?

| | **Intuaslagthacht hiodrocsaídí** | **Intuaslagthacht sulfáití** |
|---|---|---|
| A | laghdaíonn | laghdaíonn |
| B | laghdaíonn | méadaíonn |
| C | méadaíonn | laghdaíonn |
| D | méadaíonn | méadaíonn |

**3** Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas arb é dath na lasrach é a tháirgtear nuair a chuirtear comhdhúil bhairiam isteach i lasair ghorm dhóire Bunsen?

A Corcairdhearg

B Glas

C Liathchorcra

D Flannbhuí



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

**4** Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas a thaispeánann an éifeacht ar th hamóinia sa phróiseas Haber?

| | **Méadú brú** | **Méadú teochta** |
|---|---|---|
| A | laghdaíonn an toradh | laghdaíonn an toradh |
| B | laghdaíonn an toradh | méadaíonn an toradh |
| C | méadaíonn an toradh | laghdaíonn an toradh |
| D | méadaíonn an toradh | méadaíonn an toradh |

**5** Cé acu ceann amháin de na meascáin seo a leanas a imoibreoidh le comhdhúil a tháirgeadh leis an fhoirmle mhóilíneach $C_4H_7N$?

A 1-brómabhútán agus amóinia

B 1-brómabhútán agus ciainíd photaisiam

C 1-brómaphrópán agus amóinia

D 1-brómaphrópán agus ciainíd photaisiam

**6** Tá an t-imoibriú atá ar taispeáint thíos

$$C_2H_5Br + KOH \rightarrow C_2H_4 + KBr + H_2O$$

ina shampla de

A díhiodráitiú.

B díothú.

C malartú saorfhréimhe.

D malartú núicléifileach.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

**7** Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas arb í mais an mhaignéisiam í ata [illegible] e himoibriú le 50.0 $cm^3$ d'aigéad hidreaclórach 0.1 mol $dm^{-3}$?

A 0.005 g

B 0.060 g

C 0.120 g

D 0.240 g

**8** Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas a liostaíonn na comhdhúile in ord fiuchphointe méadaitheach?

A $CH_3CH_2CH_3$ $CH_3CH_2F$ $CH_3CH_2OH$

B $CH_3CH_2CH_3$ $CH_3CH_2OH$ $CH_3CH_2F$

C $CH_3CH_2F$ $CH_3CH_2OH$ $CH_3CH_2CH_3$

D $CH_3CH_2OH$ $CH_3CH_2F$ $CH_3CH_2CH_3$

**9** Nuair a imoibríodh comhdhúil orgánach le clóirín, fuarthas amach go raibh mais mhóilíneach choibhneasta ag an táirge orgánach a bhí méadaithe faoi 69. Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas arb í an mheicníocht imoibrithe í?

A díothú


B suimiúchán leictrifileach

C malartú saorfhréimhe

D malartú núicléifileach


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**10** Taispeántar thíos dáileachán Maxwell-Boltzmann do mheascán imoibrithe. [illegible] na móilíní leis an méid is mó fuinneamh dóchúil agus is é $E_A$ an fuinneamh gníom[illegible]áin.




Cé acu ceann amháin díobh seo a leanas a thaispeánann an éifeacht ar $E_A$ agus ar N nuair a mhéadaítear an teocht?

| | $E_A$ | N |
|---|---|---|
| A | tairiseach | laghdaíonn |
| B | tairiseach | méadaíonn |
| C | laghdaíonn | laghdaíonn |
| D | laghdaíonn | méadaíonn |


StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Roinn B

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist sna spásanna chuige sin.

**11** Úsáidtear bútan-1-ól le1-brómabhútán a réiteach de réir na cothromóide seo a leanas:

$$C_4H_9OH + HBr \rightarrow C_4H_9Br + H_2O$$

**(a)** **(i)** Tabhair cothromóid leis an **toradh chéatadánach** a mhíniú.

toradh céatadánach =

[1]

**(ii)** Má ghlactar leis go bhfuil toradh 40% ann, cad é an mhais de bhútan-1-ól a bheadh de dhíth le 5.48 g de 1-brómabhútán a tháirgeadh?

móil de 1-brómabhútán

móil de bhútan-1-ól

mais de bhútan-1-ól

[3]

**(b)** **(i)** Tabhair cothromóid leis an téarma **éifeachtúlacht adaimh** a mhíniú.

éifeachtúlacht adaimh =

[1]

**(ii)** Ríomh an éifeachtúlacht adaimh d'fhoirmiú 1-brómabhútán ó bhútan-1-ól.

[1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers
StudentBounty.com

**12** Is féidir anailís cháilíochtúil a úsáid le hidirdhealú a dhéanamh ar thuaslagáin uiscí a bhfuil iain mhiotail éagsúla iontu.

**(a)** I gcás gach ceann de na péirí d'iain mhiotail seo a leanas, tabhair imoibrí uiscí ar féidir é a úsáid le hidirdhealú a dhéanamh ar na tuaslagáin uiscí agus luaigh na breathnuithe ionchais do gach ian.

**(i)** Iain iarann(II) agus iain iarann(III).

Imoibrí ________________________ [1]

Breathnuithe ________________________

________________________

________________________ [2]

**(ii)** Iain alúmanaim agus iain since.

Imoibrí ________________________ [1]

Breathnuithe ________________________

________________________

________________________ [2]

**(b)** Is féidir tástáil a dhéanamh ar láithreacht iain bhairiam trí thuaslagán uiscí de chrómáit photaisiam a chur leo.

**(i)** Cad é a thugtar faoi deara nuair a imoibríonn iain bhairiam le hiain chrómáite?

________________________ [1]

**(ii)** Scríobh cothromóid ianach, le siombailí staide san áireamh, don imoibriú idir iain bhairiam agus iain chrómáite.

________________________ [2]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers
StudentBounty.com

**13** Tá an fluaireahidreacarbón thíos ar fáil in dhá fhoirm steiré-isiméire.

$$CH_3CH_2CH{=}CFCH_2CH_3$$

**(a)** Ainmnigh an fluaireahidreacarbón seo ag úsáid rialacha AIGCCF (*IUPAC*).

[2]

**(b)** **(i)** Tarraing agus lipéadaigh struchtúir na n-isiméirí E agus Z den fhluaireahidreacarbón seo.

[1]

**(ii)** Mínigh cad chuige a rangaítear ceann amháin de na struchtúir atá tarraingthe agat mar an isiméir Z.

[3]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [2]



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(c) (i)** Tarraing isiméir struchtúrach den fhluaireahidreacarbón **nach** bhfuil ar fáil mar steiré-isiméirí.

[1]

**(ii)** Mínigh i dtéarmaí struchtúr an mhóilín seo, cad chuige nach bhfuil sé ar fáil mar steiré-isiméirí.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

StudentBounty.com



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**14** Imoibríonn próipéin le bróimíd hidrigine le dhá isiméir a fhoirmiú, arb é 2-brómaprópán an mórtháirge.

**(a)** Mínigh cad chuige a bhfuil bróimíd hidrigine aomtha chuig próipéin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(b)** Luaigh sreabhscéimeanna do mheicníochtaí an imoibrithe idir bróimíd hidrigine agus próipéin le 1-brómaprópán agus 2-brómaprópán a fhoirmiú, agus taispeáin struchtúir an dá idirmheánach.

[4]

**(c)** **(i)** Luaigh cad é mar a dhéanfá meascán de 1-brómaprópán agus 2-brómaprópán a dheighilt.

______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh cad é mar a d'úsáidfeá speictreascópacht infridhearg le sampla anaithnid de bhrómaprópán a shainaithint mar cheachtar acu 1-brómaprópán nó 2-brómaprópán.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

StudentBounty.com



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(d)** Luaigh cad chuige arb é 2-brómaprópán an mórtháirge.

______________________________________________________________ [1]

**(e)** Ainmnigh meicníocht na n-imoibrithe seo.

______________________________________________________________ [1]

**(f)** Téann próipéin faoi pholaiméiriú suimiúcháin le polapróipéin a fhoirmiú.
Tarraing struchtúr na polapróipéine ag taispeáint **trí** aonad athfhillteacha.

[2]



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**15** Tharla dóchán neamhiomlán de phrópán faoi thacar áirithe de choinníollacha de réir na cothromóide seo a leanas:

$$C_3H_8(g) + 4O_2(g) \rightarrow CO_2(g) + 2CO(g) + 4H_2O(l)$$

Toirt iomlán na ngás a táirgeadh, ba é 9000 $dm^3$ an toirt a líon sí. Is é 30 $dm^3$ toirt mhólarach an gháis faoi na coinníollacha seo.

**(a)** Sainmhínigh an téarma **toirt mhólarach an gháis**.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** **(i)** Ríomh líon na mól d'aonocsaíd charbóin atá táirgthe sa dóchán seo.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Ríomh líon na mól d'ocsaigin a úsáideadh sa dóchán seo.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Ríomh mais an phrópáin, ina kg, a dódh.

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iv)** Ríomh líon na móilíní de phrópán a dódh.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Faoi thacar éagsúil de choinníollacha, téann meatán faoi dhóchán neamhiomlán le dé-ocsaíd charbóin agus aonocsaíd charbóin a thairgeadh i gcóimheas 2:1. Scríobh cothromóid don dóchán neamhiomlán seo.

______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

**16** Díoltar bútán ar bhonn tráchtála mar "ghás buidéalaithe". Téann sé faoi dhóchán iomlán de réir na cothromóide seo a leanas:

$$2C_4H_{10} + 13O_2 \rightarrow 8CO_2 + 10H_2O$$

agus tá eantalpacht chaighdeánach dócháin de –2876.5 kJ mol$^{-1}$ aige.

**(a)** Ríomh méid an fhuinnimh a scaoiltear do gach cileagram de dhé-ocsaíd charbóin a scaoiltear.

[3]

**(b)** Is féidir Dlí Hess a úsáid le hathruithe eantalpachta a ríomh, amhail eantalpacht chaighdeánach d'fhoirmiú bútáin, rud nach féidir a thomhas trí thurgnamh.

**(i)** Sainmhínigh an téarma **eantalpacht chaighdeánach d'fhoirmiú**.

[3]

**(ii)** Scríobh cothromóid, le siombailí staide, a sheasann d'eantalpacht chaighdeánach d'fhoirmiú bútáin.

[2]

**(iii)** Úsáid an eantalpacht chaighdeánach de dhóchán bútáin agus na sonraí seo a leanas leis an eantalpacht chaighdeánach d'fhoirmiú bútáin a ríomh.

| | Eantalpacht chaighdeánach de dhóchán (kJ mol$^{-1}$) |
|---|---|
| Carbón (C) | –393.5 |
| Hidrigin ($H_2$) | –285.8 |

[3]



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**17** Taispeántar thíos an fhoirmle do ghliocól eitiléine:

$$\begin{array}{c} CH_2OH \\ | \\ CH_2OH \end{array}$$

**(a)** Úsáid rialacha AIGCCF (*IUPAC*) leis an ainm chórasach ar ghliocól eitiléine a lua.

______________________________ [1]

**(b)** Cad é an fhoirmle eimpíreach atá ag gliocól eitiléine?

______________________________ [1]

**(c)** Imoibríonn gliocól eitiléine go bríomhar le *farasbarr* de chlóiríd eatánóile.

**(i)** Luaigh **dhá** bhreathnú san imoibriú seo.

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an cineál imoibrithe atá ag tarlú.

______________________________ [1]

**(iii)** Tarraing struchtúr an táirge orgánaigh.

[2]

**(iv)** Luaigh tástáil don táirge neamhorgánach atá foirmithe san imoibriú seo.

______________________________

______________________________ [2]

itheoir
barc

StudentBounty.com



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(d)** Tá grúpaí príomhúla alcóil i ngliocól eitiléine. Athraíonn an tuaslagán ó fhlannbhuí go glas nuair a théitear é faoi aife le farasbarr déchrómáit photaisiam aigéadaithe.

**(i)** Cad chuige a rangaítear na grúpaí alcóil i ngliocól eitiléine mar phríomhúil?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an cineál imoibrithe a tharlaíonn.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Tarraing struchtúr an táirge orgánaigh.

[1]

**(iv)** Ainmnigh an feidhmghrúpa atá i láthair sa táirge orgánach.

______________________________________________ [1]

**(v)** Cad é an difríocht is suntasaí a bheadh idir speictream infridhearg an táirge orgánaigh agus speictream infridhearg an ghliocóil eitiléine?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(e)** Scríobh cothromóid d'imoibriú an ghliocóil eitiléine le farasbarr de pheinteaclóiríd fhosfair.

[2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers
StudentBounty.com

**(f)** Mínigh, i dtéarmaí struchtúir, cad chuige nach mbíonn toradh deimhneach ag tástáil iadafoirm le gliocól eitiléine.

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [1]

**(g)** Is é 197 °C fiuchphointe gliocól eitiléine agus is é 78 °C fiuchphointe eatánóil. Mínigh an difríocht mhór seo sna fiuchphointí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

178936

StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers